



## Leabhrán eolais do Scoileanna DEIS a ghlacann páirt sa Scéim Teagmhála Baile Scoile Pobail

*"Is léir ó thaithí na hÉireann gur féidir le tionscnaimh oideachais bunaithe i scoileanna leibhéal oideachais na ndaoine fásta atá páirteach a ardú, agus go mbíonn mothúchán ginearálta chumhachtaithe sa phobal áitiúil dá bharr. Tugann rannpháirtíocht tuismitheoirí, ach go háirithe i limistéir ina bhfuil díothacht shocheacnamaíoch, tairbhe ní hamháin do na leanaí agus don scoil - gné ríthábhachtach is ea í den fhoghlaim ar feadh an tsaoil."* **Parents as Partners in Schooling, OECD 1997**

Márta, 2019



## Clár Ábhair

Leabhrán Eolais do Scoileanna DEIS a ghlacann páirt sa Scéim Teagmhála Baile Scoile Pobail.....	1
1. Cúlra na Scéime TBSP .....	3
1.1 Bunú na Scéime TBSP .....	3
1.2 An Scéim TBSP agus Seirbhís Leasa Oideachais Tusla .....	3
1.4 Comhionannas Deiseanna i Scoileanna a Sheachadadh (DEIS) agus TBSP.....	4
1.5 Taighde maidir le DEIS agus an Scéim TBSP .....	5
2. Fís agus Luachanna na Scéime TBSP.....	6
2.1 Fís agus Luachanna TBSP .....	6
2.2 Tréithe an Chomhordaitheora TBSP.....	7
3. Ag obair mar Chomhordaitheoir TBSP.....	8
3.1 Sannachán Comhordaitheoirí TBSP.....	8
3.2 Ról an Chomhordaitheora TBSP .....	<b>Error! Bookmark not defined.</b>
3.3 An Scéim TBSP - Príomhthosaíochtaí .....	8
3.4 Riachtanais Phleanála DEIS agus an Chomhordaitheoir TBSP.....	11
3.5 An Deontas Bliantúil TBSP a Bhainistiú .....	12
4. Cad iad na tacaíochtaí atá ar fáil do Chomhordaitheoirí TBSP?.....	13
4.1 Forbairt Ghairmiúil Leanúnach.....	13
4.2 Cruinnithe Cnuashrúpa Teaghlach/ Áitiúla.....	13
4.3 Foireann Bhainistíochta SLO Tusla .....	14
4.4 Oifig Riaracháin Náisiúnta TBSP .....	14
4.5 Aonad um Chuimsiú Sóisialta .....	16
4.6 Foilseacháin Úsáideacha.....	16
Aguisín .....	18
Deontais TBSP do Scoileanna .....	18
Tacaíocht airgeadais do scoileanna mar rogha ar sheirbhísí phost an Chomhordaitheora TBSP .....	19
Aguisín (leathanach 1 as 1).....	20
Aguisín (leathanach 2 as 2).....	21
Aguisín (leathanach 3 as 3).....	22
Aguisín (leathanach 4 as 4).....	23
Aguisín (leathanach 5 as 5).....	24

- Tá an Leabhrán Eolais seo ar fáil ar shuíomh gréasáin na Roinne Oideachais agus Scileanna ag [www.education.ie](http://www.education.ie) agus ar shuíomh gréasáin na Gníomhaireachta um Leanaí agus an Teaghlach ag [www.tusla.ie](http://www.tusla.ie)
- Is ionann an focal 'tuismitheoir' sa doiciméad seo agus 'caomhnóir' chomh maith.



## 1. Cúlra na Scéime TBSP

### 1.1 Bunú na Scéime TBSP

"Is é beartas bunaidh na Scéime Teagmhála Baile Scoile agus an Phobail (TBSP) ná ceann a fhéachann le comhpháirtíocht a chothú idir tuismitheoirí agus múinteoirí. Is í aidhm na comhpháirtíochta seo ná deiseanna foghlama scoláirí a fheabhsú agus a gcoinneáil sa chóras oideachais a chur chun cinn. Ina theannta sin, leagann an Scéim TBSP an-bhéim ar chomhoibriú leis an bpobal áitiúil. Ceanródaí is ea an Scéim TBSP i rannpháirtíocht na scoile i saol an phobail a chur chun cinn agus rannpháirtíocht an phobail agus a ghníomhaireachtaí i saol na scoile a chur chun cinn."

*(Ó Fhís go Deachleachtas, 2005)*

Cuireadh an Scéim TBSP ar bun mar thionscadal píolótach i 1990. Dearadh í mar thoradh ar athbhreithniú a rinneadh ar Scéim na Limistéar faoi Mhíbhuntáiste, scéim a tugadh isteach sa bhliain 1984, a chuir maoiniú breise ar fáil do bhunscoileanna i limistéir faoi mhíbhuntáiste. Scéim phíolótach trí bliana ab ea an Scéim TBSP ar dtús, inar ceapadh tríocha múinteoir mar Chomhordaitheoirí TBSP, i gcúig bhunscoil is caoga a roghnaíodh, a bhí san áireamh i Scéim na Limistéar faoi Mhíbhuntáiste ag an am. Leathnaíodh í sa bhliain 1991 chuig 13 iarbhunscoil bhreise, a bhí ag freastal ar na leanaí ó na bunscoileanna a roghnaíodh ar dtús. Tháinig deireadh leis an gcéim píolótach trí bliana den Scéim TBSP i Meitheamh 1993. Cuireadh seirbhís Teagmhála Baile Scoile agus an Phobail ar fáil do na bunscoileanna agus iarbhunscoileanna uile faoi mhíbhuntáiste i Scéim na Limistéar faoi Mhíbhuntáiste ó Mheán Fómhair 1999 ar aghaidh. Leathnaíodh an Scéim TBSP a thuilleadh in 2005 agus arís eile in 2017 faoi DEIS (Comhionannas Deiseanna a Sheachadadh i Scoileanna).

### 1.2 An Scéim TBSP agus Seirbhís Leasa Oideachais Tusla

Ar 1 Eanáir 2014, aistríodh feidhmeanna reachtúla an Bhoird Náisiúnta Leasa Oideachais (BNLO) faoin Acht Oideachais (Leas) 2000, chuig gníomhaireacht nuabhunaithe, an Gníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach, Tusla. Tá an fhreagracht oibriúcháin as an scéim TBSP ar Sheirbhísí Leasa Oideachais (SLO) Tusla. Fanann an Roinn Oideachais agus Scileanna freagrach as Comhordaitheoirí TBSP a mhaoiniú agus a leithdháileadh ar scoileanna. Tá an Scéim TBSP, an Clár Críochnaithe Scoile (CCS) agus an tseirbhís reachtúil, an tSeirbhís Leasa Oideachais (SLO), tiomanta d'oibriú ar bhealach stuama agus comhtháite le torthaí níos fearr oideachasúla a fháil do leanaí agus daoine óga atá i mbaol míbhuntáiste oideachasúil, chomh maith le tinreamh, rannpháirtíocht agus coinneáil gach dalta a uasmhéadú.

Tá an fhorbairt beagnach i gcrích maidir le samhail seirbhísí comhtháite, a chuireadh an obair a dhéantar sna trí shnáithe seirbhíse (SLO reachtúil, TBSP & CCS). Is é aidhm agus bunús le straitéis seirbhísí comhtháite do Sheirbhísí Leasa Oideachais Tusla:

- Soláthar seirbhíse níos éifeachtúla a chur ar fáil, trí idirghabháil chuí, do leanaí a bhfuil deacrachtaí acu maidir le freastal, rannpháirtíocht agus coinneáil ar scoil
- Rannpháirtíocht fheabhsaithe a chothú agus a fhorbairt le gníomhaireachtaí agus seirbhísí eile atá ag obair le leanaí agus teaghlaigh, agus

- Dul i gcion ar cheapadh beartais níos éifeachtúla le béim níos mó leagtha ar phleanáil, tomhas ar thorthaí agus bailiú fianaise maidir le tionchar na n-idirghabhálacha.

Tá an tsamhail seirbhísí comhtháite ceaptha le cuidiú le caighdeánú ar sholáthar seirbhíse, ach tugtar aitheantas iomlán do agus freastalaítear ar na feidhmeanna agus tionchar gach snáithe ag an am céanna. Chomh maith leis sin, cuirtear an gá le solúbthacht maidir le hidirghabhálacha idir na snáitheanna agus trasna na snáitheanna san áireamh, i bhfianaise an nádúir ar leith atá ag na deacrachtaí a bhíonn le feiceáil i saolta leanaí aonair. Trí na trí shnáithe seirbhíse a chomhtháthú, tá SLO Tusla an-tiomanta do sheirbhísí iontacha a chur ar fáil do leanaí, teaghlaigh agus scoileanna trí chur chuige soláthair seirbhísí comhtháite.

#### 1.4 Comhionannas Deiseanna i Scoileanna a Sheachadadh (DEIS) agus TBSP

Tá DEIS bunaithe ar an gcreidiúint go bhfuil an deis chéanna tuillte ag gach leanbh agus duine óg chun rochtain a fháil ar, páirt a ghlacadh i agus leas a bhaint as oideachas; gur cheart go mbeadh an deis ag gach duine a lánphoitéinseal oideachasúil a bhaint amach ar chúiseanna pearsanta, sóisialta agus eacnamaíochta; agus go bhfuil tionchar fíorthábhachtach ag oideachas ar ionchuimsiú sóisialta agus forbairt gheilleagrach a chur chun cinn. Seoladh DEIS in 2005 ag an Roinn Oideachais agus Scileanna, agus tá sé mar aidhm ag DEIS aghaidh a thabhairt ar riachtanais oideachais na leanaí agus daoine óga i bpobail atá faoi mhíbhuntáiste. Tá fráma tagartha DEIS bunaithe ar an míniú ar “mhíbhuntáiste oideachais” atá san Acht Oideachais (1998) mar:

*'Na baic ar an oideachas de dhroim míbhuntáiste shóisialta nó eacnamaíoch a choisceann mic léinn ar thairbhe chuí a bhaint as an oideachas i scoileanna'.*

Díríonn DEIS ar dhéileáil le, agus tús áite a thabhairt do, riachtanais oideachais leanaí agus daoine óga i bpobail atá faoi mhíbhuntáiste, ó oideachas réamhscoile go hoideachas dara leibhéal (3 go 18 mbliana), tríd an gClár Tacaíochta Scoile, lena n-áirítear svuít idirghabhálacha ina bhfuil tacaíochtaí inscoile agus lasmuigh den scoil. Áirítear leis na tacaíochtaí seo acmhainní feabhsaithe teagasc i scoileanna ina bhfuil na leibhéil is airde mhíbhuntáiste; acmhainní breise airgeadais do scoileanna DEIS uile; rochtain ar thacaíochtaí litearthachta agus uimhearthachta; tacaíochtaí curaclaim; tacaíochtaí pleanála agus um fhorbairt ghairmiúil, tacaíochtaí folláine agus cláir aistrithe ó luathbhlianta go bunscoile, bunscoil go hiarbhunscoil agus ó iarbhunscoil go breisoideachas agus ardoideachas, oiliúint nó fostaíocht. Ina theannta sin, áirítear leis an gClár Tacaíochta Scoile dhá mhóridirghabháil, is iad sin an Scéim TBSP agus an Clár Críochnaithe Scoile (CCS). Tá na scoileanna DEIS Uirbeacha Bunscoile agus Iarbhunscoileanna DEIS uile san áireamh faoi láthair sa Scéim TBSP.

Leagtar amach sa Phlean DEIS 2017 fíis na Roinne Oideachais agus Scileanna go mbeidh an t-oideachas ina chonair chruthaithe chuig deiseanna níos fearr dóibh siúd as pobail atá i mbaol míbhuntáiste agus eisiaimh shóisialta. Deartar an tionscnamh DEIS chun a áirithiú go mbaineann na scoileanna is mó atá faoi mhíbhuntáiste leas as pacáiste uileghabhálach tacaíochtaí, fad a chinntítear go leanann na scoileanna eile de thacaíocht a fháil ar aon dul leis an leibhéal míbhuntáiste i measc a ndaltaí. Is freagairt chomhtháite oideachais í an Straitéis DEIS chun raon iomlán beart Rialtais a chur i bhfeidhm chun aghaidh a thabhairt ar ionchuimsiú sóisialta agus oideachais. Tá an Scéim TBSP á maoiniú ag an Roinn Oideachais agus Scileanna.

Foilsíodh an Plean DEIS 2017 i Mí Feabhra 2017 agus is féidir teacht air ag <https://www.education.ie/ga/Foilseach%C3%A1in/Tuarasc%C3%A1lacha-Beartais/Plean-DEIS-2017.pdf> Ionas go n-éireoidh leis an bPlean DEIS, leagtar béim níos mó anois ar phleanáil ag leibhéal na scoile agus cnuasaigh scoile, chomh maith le beartú spriocanna agus tomhas maidir le dul chun cinn agus torthaí, chun a chinntiú go dtiocfaidh feabhas ar thorthaí oideachasúla do leanaí agus daoine óga lena mbaineann mar gheall ar an maoiniú méadaithe.

Tá sé bunaithe ar 5 Phríomhchuspóirí:

1. Creat measúnaithe níos láidre agus níos freagrúla a chur i bhfeidhm le scoileanna a aithint agus le haghaidh dáileadh níos fearr acmhainní
2. Eispéireas foghlama agus torthaí daltaí a fheabhsú i scoileanna DEIS

3. Cumas ceannairí scoileanna agus múinteoirí chun acmhainní a phleanáil, a úsáid agus a chur i bhfeidhm a fheabhsú, le go mbainfeadh an leas is mó is féidir
4. An deachleachtas a chothú agus tacú leis i scoileanna trí chomhoibriú idirghníomhaireachta
5. Tacú le hobair scoileanna tríd an taighde, an fhaisnéis, an measúnú agus an t-aiseolas a chur ar fáil le cuspóirí an Phlean a bhaint amach

Is é príomhchúram an chomhordaitheora TBSP oibriú leis an duine fásta/na daoine fásta freagrach(a) i saol an linbh, d'fhonn torthaí oideachais an linbh a fheabhsú. Leagtar béim an ról ar thinreamh, rannpháirtíocht agus coinneáil leanaí i gcóras oideachais na hÉireann a fheabhsú, trí idir thacaíochtaí uilíocha agus thacaíochtaí dírithe a sholáthar.

### 1.5 Taighde maidir le DEIS agus an Scéim TBSP

Fuarthas amach i dtrí thuarascáil atá bunaithe ar thaighde i scoileanna DEIS, a rinneadh ar leithligh agus go neamhspleách ag an bhForas Taighde ar Oideachas (ERC, nó *Education Research Centre*) agus Cigireacht na Roinne le blianta beaga anuas<sup>1</sup>, go bhfuil fianaise shoiléir ann go bhfuil tionchar dearfach ag an gclár DEIS ar dhul i ngleic le míbhuntáiste oideachasúil.

Fuarthas amach i dtuarascáil ón ERC, *The Evaluation of DEIS: Monitoring achievement and attitudes among urban primary school pupils, 2007-2016*, go raibh fianaise shoiléir ann go raibh gnóthachtáil sa léitheoireacht agus sa mhatamaitic i sampla de bhunscoileanna uirbeacha DEIS níos airde i 2016 ná mar a bhí i 2007. Bhí an difríocht suntasach de réir staitistice agus aimsíodh í ag na leibhéil gráid uile. Léirigh daltaí meon níos dearfaí i leith na scoile ná má a léirigh siad in aon bhliain eile ina ndearnadh tástáil. Ó thaobh soláthar gníomhaíochtaí do thuismitheoirí de, dearbhaíonn na tuarascálacha ón ERC agus an Roinn araon go bhfuil scoileanna thar a bheith aireach ar an tábhacht a bhaineann le naisc dhearfacha idir an scoil agus thuismitheoirí.

- Dearbhaíonn na tuarascálacha ón ERC agus Cigireacht na Roinne araon go bhfuil scoileanna ag leanúint de ghníomhaíochtaí a chur ar fail do thuismitheoirí, lena n-áirítear gníomhaíochtaí a bhaineann le foghlaim a leanaí.
- Ag leibhéal na hiarbhunscoile, léiríonn torthaí meastóireachta Chigireacht na Roinne go bhfuil rannpháirtíocht dhearfach ag na scoileanna, i bhfeidhmiú idirghabhálacha chun feabhas a chur ar chomhpháirtíocht le thuismitheoirí agus leis an bpobal.

Áirítear leis na meastóireachtaí a rinne an Foras Taighde ar Oideachas ar an Scéim TBSP na meastóireacht seo a leanas:

- Archer, P. & Shortt, F. (2003), *Review of the Home-School-Community Liaison Scheme - Report to the Department of Education and Science*, An Foras Taighde ar Oideachas, [www.erc.ie](http://www.erc.ie)
- ERC (1994), *The Home-School-Community Liaison Scheme - Final Evaluation Report*, An Foras Taighde ar Oideachas, [www.erc.ie](http://www.erc.ie)

---

<sup>1</sup>Meastóireacht ar DEIS: Monatóireacht á déanamh ar an ngnóthachtáil agus dearthaí i measc daltaí de bhunscoileanna uirbeacha ó 2007 go dtí 2016; Lauren Kavanagh, Susan Weir agus Eva Moran, An Foras Taighde ar Oideachas; [www.erc.ie](http://www.erc.ie)  
*Looking at Action Planning for Improvement in DEIS Primary Schools*, Cigireacht na Roinne, ROS, 2015 [www.education.ie](http://www.education.ie)  
*Looking at Action Planning for Improvement in DEIS Primary Schools*, Cigireacht na Roinne, ROS, 2015 [www.education.ie](http://www.education.ie)



## 2. Fís agus Luachanna na Scéime TBSP

### 2.1 Fís agus Luachanna TBSP

- **Cúram lánaimseartha is ea TBSP. Scaoiltear Comhordaitheoirí TBSP ó dhualgais teagaisc uile agus téann siad i mbun obair theagmhála lánaimseartha idir an baile, an scoil, agus an pobal. Níl cead riamh, ar chúinse ar bith, Comhordaitheoir TBSP a chur ar an amchlár do dhualgais teagaisc sa scoil.**
- Dírítear an scéim go príomha ar aosaigh ábhartha, a bhfuil tionchar ag a meon agus a n-iompar ar thinreamh, rannpháirtíocht agus coinneáil leanaí in oideachas. Áirítear leis seo riachtanais a aithint agus freagairt dóibh trí shraith idirghabhálacha atá bunaithe ar fhianaise a úsáid.
- Oibríonn an scéim i spiorad na comhpháirtíochta agus an chomhoibrithe le tuismitheoirí agus múinteoirí, ach ag an am céanna, is cuid í de chur chuige sheirbhísí comhtháite leanúnach agus níos leithne i leith leas oideachais leanaí.
- Tá an scéim aontaithe agus comhtháite ag leibhéal na bunscoile agus na hiarbhunscoile araon.
- Tá éirim na scéime coiscteach, rud a chinntíonn go gcuirtear idirghabhálacha ar bun a mbeidh tionchar dearfach acu ar thuismitheoirí agus ar leanaí, d'fhonn torthaí oideachais a fheabhsú.
- Cuidíonn an scéim le dearcthaí na múinteoirí agus na foirne i leith na comhpháirtíochta a fhorbairt agus a chothú. Spreagann sí cur chuige sa scoil uile i leith feabhas a chur ar fhreastal, rannpháirtíocht agus coinneáil san oideachas.
- Tá an scéim dírithe ar réitigh, ag tógáil ar láidreachtaí na dtuismitheoirí agus na gcúramóirí trí chumhachtú agus tógáil inniúlachta.
- Tacaíonn an scéim le teaghlaigh fad a aistríonn a leanaí ó na luathbhlianta go bunscoil, ó bhunscoil go hiarbhunscoil agus ó iarbhunscoil go breisoideachas agus ardoideachas, oiliúint nó fostaíocht.
- Gné ríthábhachtach is ea cuairt a thabhairt ar theaghlaigh sa bhaile chun iontaoibh a bhunú, riachtanais a mheas, agus monatóireacht a dhéanamh ar thionchar na bpleananna agus na n-idirghabhálacha a chuirtear ar bun chun torthaí níos fearr a bhaint amach do leanaí.
- Tá comhpháirtíocht leis an dá shnáithe seirbhíse eile, laistigh de Sheirbhísí Leasa Oideachais, den Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach, seirbhísí tacaíochta cuí eile agus gníomhaireachtaí deonacha agus reachtúla, riachtanach chun éifeachtacht a mhéadú, dúbláil a laghdú agus soláthar comhtháite seirbhíse a chur ar fáil do leanaí ar an imeall agus a dteaghlaigh.

- Ní mór don Chomhordaitheoir TBSP ceangal le agus oibriú leis na príomhfhigiúirí sa phobal áitiúil, cosúil le Coistí Forbartha Pobail Áitiúil agus Coistí um Sheirbhísí do Leanaí agus do Dhaoine Óga agus grúpaí eile, ionas gur féidir leo luach breise a chur lena bhfuil á dhéanamh sa scoil, maidir le freastal, rannpháirtíocht agus coinneáil.
- Is gníomhaire an athraithe é/í an Comhordaitheoir TBSP, ní hamháin do dhaoine aonair agus teaghlaigh ach do scoileanna agus don chóras oideachais níos leithne chomh maith.

Mar achoimre, is éard a dhéanann an Scéim TBSP ná:

- Díríonn sí ar leanaí atá i mbaol nach bhfreastalóidh siad go hiomlán, nach nglacfaidh siad páirt i nó nach gcoinneofar sa chóras foirmiúil oideachais iad mar thoradh ar shaincheisteanna teaghlaigh, scoile, pobail agus eile a mbíonn drochthionchar acu ar ghnóthachtáil scoláirí agus ar choinneáil scoile.
- Díríonn sí go díreach ar na haosaigh ábhartha i saol na leanaí agus lorgaíonn sí sochair dhíreacha do na leanaí féin.
- Oibríonn sí ar bhealach cumasaithe le tuismitheoirí chun a gcumas a bheith ina bpríomhacmhainn i bhfoghlaím a leanaí a fhorbairt.
- Forbraíonn sí an caidreamh dalta-tuismitheoir-múinteoir, sa chaoi is gur áit í an scoile inar féidir leis na daoine óga uile a gcumas a shroicheadh.
- Sainníníonn sí riachtanais phearsanta, foghlama agus fóillíochta na dtuismitheoirí agus freastalaíonn sí orthu, d'fhonn a bhféinmheas agus a bhféinmhuinín a chothú, rud a rachaidh i gcion go dearfach ar oideachas a leanaí.
- Téann sí i dtaithí ar phátrúin freastail, d'fhonn na leibhéil is fearr freastail, rannpháirtíochta agus coinneála scoláirí a bhaint amach.
- Oibríonn sí ar bhealach tacúil agus cuspóireach le tuismitheoirí agus éascaíonn sí cumarsáid leis an múinteoir rang, teagascóir, ceann bliana, agus bainistíocht na scoile, mar is gá.
- Cothaíonn sí dearthaí dearfacha i measc na múinteoirí agus foirne i leith na hoibre comhpháirtíochta agus i leith cur chuige scoile uile a ghlacadh maidir le freastal, rannpháirtíocht agus coinneáil.

## 2.2 Tréithe an Chomhordaitheora TBSP

*'Tá tiomantas neamhleithleach na foirne TBSP rithábachtach do rath leanúnach na Scéime TBSP. Feidhmíonn comhordaitheoirí, ní hamháin mar chaidreamh idir na scoileanna, múinteoirí, tuismitheoirí agus pobail ach freisin mar tacadóirí le comhpháirtíocht agus comhoibriú chomh maith le tiománaithe ar an réimse gníomhaíochtaí a dtacaíonn an scéim leo.'*

Mary Hanafin, Aire Oideachais agus Eolaíochta 2005.

Is é seo a leanas na buanna ba chóir a bheith ag Comhordaitheoirí TSBP:

- √ Beidh tiomantas acu tacú le tuismitheoirí páistí a chumasú chun barr a gcumais a bhaint amach.

- √ Beidh tiomantas acu do thuismitheoirí barr a gcumais a bhaint amach mar phríomhoideachasóirí a gcuid páistí.
- √ Beidh siad in ann an cumas agus an toilteanas caidreamh dearfach gairmiúil a chruthú le thuismitheoirí, daltaí, Príomhoidí, foireann agus páirtithe leasmhara ábhartha, chun difríocht dhearfach a dhéanamh ar thaithí an pháiste ar scoil.
- √ Beidh siad suas chun dáta le taighde atá bunaithe ar fhianaise maidir leis an méid a oibríonn, i gcomhthéacs áirithe, chun cabhrú le leanaí freastal, páirt a ghlacadh san fhoghlaim agus iad a choinneáil sa chóras.
- √ Beidh an cumas acu tuiscint a fháil ar riachtanais na dteaghlach agus na bpobal imeallaithe agus na deacrachtaí a bhíonn ag teaghlaigh agus pobail imeallaithe agus go mbeifear in ann pleananna a chur i bhfeidhm chun freagra a thabhairt ar na riachtanais sin.
- √ Beidh an cumas acu a bheith ag obair ar bhealach idirghníomhaireachta agus idirdhisciplíneach.
- √ Beidh an cumas acu monatóireacht a dhéanamh ar thionchar na n-idirghabhálacha atá curtha i bhfeidhm chun tacú le thuismitheoirí agus le leanaí agus torthaí feabhsaithe a léiriú.
- √ Beidh an cumas acu foireann a threorú agus a thógáil.



### 3. Ag obair mar Chomhordaitheoir TBSP

#### 3.1 Sannachán Comhordaitheoirí TBSP

Tugann Imlitir 0016/2019 na Roinne Oideachais agus Scileanna dar teideal **Sannachán Chomhordaitheoirí Teagmhála Baile Scoile agus an Phobail laistigh de scoileanna DEIS** eolas do bhainistíocht agus d'fhoireann na scoileanna DEIS Uirbeacha Bunscoile agus Iarbhunscoile uile maidir leis an bpróiseas chun múinteoirí a shannadh mar Chomhordaitheoirí TBSP agus na socrúithe bainistíochta agus tuairiscithe TBSP i scoileanna DEIS. Tugann an imlitir cur síos freisin ar na tréithe atá de dhíth agus jabthuaisc/ról phost an Chomhordaitheora TBSP. Tá an imlitir seo ar fáil ar shuíomh gréasáin na Roinne ag [www.education.ie](http://www.education.ie).

*Is é 5 bliana an t-uasmhéid ama a sanntar múinteoir don phost mar Chomhordaitheoir TBSP. Tá gach sannachán faoi réir an leithdháilte TBSP a thugann an Roinn don scoil/ na scoileanna.*

Déanfaidh an Chomhordaitheoir TSBP an méid seo a leanas:



- Déanfaidh siad comhpháirtíocht a spreagadh, a thacú agus a éascú idir tuismitheoirí agus múinteoirí chun oideachas leanaí a fheabhsú.
- Caithfidh siad trian dá gcuid ama, ar a laghad, tabhairt cuairte ar bhailte na ndaltaí chun:
  - Cruthóidh siad iontaobh idir an baile agus an scoil.
  - Spreagfaidh siad tuismitheoirí chun a bheith rannpháirteach in oideachas a bpáistí.
  - Tabharfaidh siad eolas faoin scoil agus na seirbhísí atá ar fáil sa phobal.
  - Aimseoidh siad ceannairí i measc na dtuismitheoirí atá toilteanach páirt a ghlacadh i ngníomhartha na Scéime TSBP agus a bheith mar acmhainn ag tuismitheoirí eile.
  - Déanfaidh siad monatóireacht ar éifeachtúlacht idirghabhálacha a cuireadh i bhfeidhm.
- Oibreoidh siad leis an bhfoireann chun tuiscint a fháil ar mhíbhuntáiste oideachasúil agus cur chuige agus modheolaíochtaí nuálacha a chur chun cinn chun aghaidh a thabhairt air, mar mhíbhuntáiste.
- Forbróidh siad agus cuirfidh siad chun cinnrannpháirtíocht tuismitheoirí a fhorbairt mar chuid dhílis den phróiseas pleanála forbartha scoile / DEIS agus ina gcuid oibre, chun tacú le forbairt, cur i bhfeidhm agus athbhreithniú an Phlean Gníomhaíochta um Fheabhsúchán.
- Bunóidh siad struchtúir chun riachtanais tuimsitheoirí a aithint.
- Oibreoidh siad le tuismitheoirí chun iad a ullmhú agus a thacú mar acmhainn dá leanaí féin agus do phobal na scoile níos leithne freisin.
- Tacóidh siad naisc a bhunú agus tuilleadh acu a fhorbairt idir suíomhanna na luathbhlianta, tuismitheoirí, teaghlaigh, scoileanna agus pobail chun tacú le leanaí ar fud an chontanaim oideachais
- Tacóidh siad le bearta tacaíochta chun tinream agus rannpháirtíocht an Lucht Siúil, na Romaigh agus daltaí eile a fheabhsú agus chun iad a choinneáil ar scoil, daltaí a bhfuil riosca ar leith ann go bhfuil droch-rannpháirtíocht acu leis an oideachas agus go bhfágfaidh siad an scoil go luath.
- Oibreoidh siad i gcomhar le EWS Tusla agus leis an gClár Críochnaithe Scoile (CCS) chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna a chuireann isteach ar fhreastal leanaí atá i mbaol míbhuntáiste oideachais agus an scoil a fhágáil go luath, ar an rannpháirtíocht a bhíonn acu leis an scoil agus chun iad a choinneáil ann.
- Déanfaidh siad teagmháil le tuismitheoirí na ndaltaí a bhíonn á meas le haghaidh tacaíochtaí breise trí CCS ionas go dtuigeann na tuismitheoirí seo na tacaíochtaí atá á dtairiscint, na fáthanna a bhfuil siad á dtairiscint agus a chinntiú go dtugtar toiliú tuismitheoirí.
- Tacóidh siad le haistrithe rathúla ó chúram agus oideachas luath-óige go bunscoil, bunscoil go hiarbhunscoil agus iar-bhunscoil go dtí an t-ard-oideachas. Beidh ról lárnach ag TSBP chun dul i ngleic le príomhghníomhaithe eile chun tacú le hathruithe agus a chinntiú go dtugtar tacaíocht iomlán do dhaltaí ó chúlraí faoi mhíbhuntáiste.
- Éascóidh siad soláthar cláir fóillíochta, curaclaim, tuismitheoireachta agus forbartha pearsanta do thuismitheoirí.

- Glacfaidh siad páirt i bpolasáí seirbhísí comhtháite agus i gcleachtas EWS Tusla, cuirfidh siad leis agus tacóidh siad leis freisin.
- Déanfaidh siad teagmháil go foirmiúil le seirbhísí litearthachta do dhaoine fásta agus teaghlaigh agus bunóidh siad agus cothóidh siad struchtúir chúí chun rannpháirtíocht na dtuismitheoirí a éascú i bhfoghlaím a leanaí sa scoil agus sa bhaile i réimsí mar litearthacht, uimhearthacht, cúrsaí fóillíochta / curaclaim, forbairt phearsanta, tuismitheoireacht, léamh roinnte etc.
- Éascóidh siad oiliúint tuismitheoirí mar cheannairí pobail agus mar thaca le tuismitheoirí eile.
- Bunóidh siad agus cothóidh siad naisc le scoileanna eile chun dul i ngleic leis na Coistí Forbartha Pobail Áitiúla agus le struchtúir Choistí Seirbhísí Leanaí agus Daoine Óga chun tógáil ar na struchtúir agus saineolas atá ann cheana féin, dúbailt soláthair a sheachaint agus nasc a dhéanamh chun cabhrú le daltaí agus le tuismitheoirí páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí pobail.
- Éascóidh siad rannpháirtíocht le múinteoirí, le tuismitheoirí, daltaí agus gníomhaireachtaí pobail agus polasaithe scoile a cheapadh.
- Bunóidh siad / coimeádfaidh siad / glacfaidh siad páirt leis an gCoiste Oideachais Áitiúil a fhéachann le freagra a thabhairt ar shaincheisteanna a bhaineann leis an scoil ag leibhéal an phobail, a chuireann isteach ar fhoghlaím, agus déanfaidh siad iarracht aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna seo trí chomhoibriú le tuismitheoirí, le daltaí, le gníomhaireachtaí deonacha agus reachtúla.
- Nuair is cuí, is féidir le scoileanna tús a chur le 'Meitheal', an tsamhail chleachtais do Sheirbhís Tacaíochta Teaghlaigh Tusla, d'fhonn tacaíocht bhreise a fháil do leanaí agus do theaghlaigh trí chomhoibriú le gníomhaireachtaí pobail.
- Déanfaidh siad pleanáil, monatóireacht agus measúnú ar idirghabhálacha TSBP trí:
  - a. Leis an bPríomhoide cuirfidh amach plean bliantúil TSBP agus sainspriocanna leis
  - b. Leis an bPríomhoide cuirfidh amach clár ama seachtainiúil TSBP
  - c. Déanfaidh siad taifead ar gach teagmháil shuntasach le teaghlaigh agus déanfar tosaíocht de chuirteanna baile
  - d. Comhlánfaidh siad Foirm Tuairisceáin TSBP i ndáil le (a) Caiteachas agus (b) Cuspóirí, Spriocanna, Gníomhaíochtaí agus Torthaí faoi Scéim TSBP.

### 3.3 An Scéim TBSP - Príomhthosaíochtaí

- Tá an scéim TBSP spriocdhírthe agus dírithe ar na teaghlaigh is mó atá ar an imeall.
- Comhpháirt lárnach den scéim is ea an chuartaíocht bhaile:

*Tá an chuairt bhaile ríthábhachtach chun ionbhá a fhorbairt le teaghlaigh ina n-iarrachtaí le páirt a ghlacadh sa chóras oideachais. Go bunúsach, déanann sé an baile a nascadh leis an scoil. Tugtar eolas faoin scoil agus seirbhísí eile sa phobal, agus ina dhiaidh sin, tá dearcthaí agus tuairimí na dtuismitheoirí fíorluachmhar don scoil. Turas dhá threo is ea an chuairt. Áit a dtógtar naisc iontaoibhe, i spiorad an chomh-mheasa agus na tacaíochta. Tá comhpháirtíocht na dtuismitheoirí agus na scoile ríthábhachtach agus saibhríonn sí rannpháirtíocht an linbh san fhoghlaim'.*

(Ó Fhís go Deachleachtas, 2005).

- Caitheann Comhordaitheoirí TBSP ar a laghad 33% dá gcuid ama oibre ar chuartaíocht bhaile, d'fhonn caidreamh dearfach a bhunú idir baile agus scoil agus chun tacú le tuismitheoirí lena chinntiú go bhfreastalaíonn a leanaí ar scoil agus go nglacann siad páirt lán de bhrí san oideachas.
- Tugtar tacaíocht do thuismitheoirí aonair le foghlaim a bpáistí trí obair an Chomhordaitheora TBSP.
- Éascaíonn Comhordaitheoirí TBSP cúrsaí agus ranganna do thuismitheoirí chun cuidiú leo tacú le foghlaim a leanaí. Cuidíonn seomra tuismitheoirí nó spáis tiomanta leis seo agus, go héifeachtach, déantar lárionad fáilte den scoil, ina mbaineann tuismitheoirí taitneamh as an bhfáilte ó thuismitheoirí eile in atmaisféar cairdiúil agus sona, lonnaithe laistigh de scoil a leanaí.
- Cumann agus cothaíonn gach Comhordaitheoir TBSP modheolaíochtaí agus cleachtais nua chun cur i gcoinne an mhíbhuntáiste oideachais.
- Oibríonn gach Comhordaitheoir TBSP ar bhealach comhtháite lena chomhghleacaithe CCS agus SLO reachtúil tríd an gCreat Iontrála CCS agus córas tarchuir SLO.
- Oibríonn gach Comhordaitheoir TBSP chun tógáil ar chumas na dtuismitheoirí tacú le tuismitheoirí eile.
- Cruthóidh gach Comhordaitheoir TBSP pleananna ina bhfuil spriocanna, chun príomhthosaíochtaí na Scéime TBSP a shroicheadh, ag teacht le treo straitéiseach na Seirbhíse Leasa Oideachais sa Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach.
- Déantar torthaí dearfacha na scéime TBSP a thairfeadh agus a chomhroinnt ar fud an chórais scolaíochta.

### 3.4 Riachtanais Phleanála DEIS agus an Comhordaitheoir TBSP

Táthar ag súil go dtugann scoileanna a fhaigheann tacaíocht agus acmhainní breise trí pháirt a ghlacadh i DEIS tacaíocht don Phlean DEIS trí phróiseas córasach pleanála agus monatóireachta ar leibhéal na scoile aonair agus ar leibhéal scoile/cnuasaigh/pobail. Meastar gur gné thábhachtach den phróiseas pleanála í rannpháirtíocht daltaí, tuismitheoirí, pobail áitiúla agus gníomhaireachtaí a fheidhmíonn ag an leibhéal áitiúil. Táthar ag súil go bhforbróidh scoileanna pleananna gníomhaíochta a dhíríonn ar na réimsí seo a leanas:

1. Freastal

2. Coinneáil
3. Aistriú ó scoil go scoil
4. Litearthacht
5. Uimhearthacht
6. Comhpháirtíocht le tuismitheoirí agus daoine eile
7. Folláine
8. Gnóthachtáil scrúdaithe (in iarbhunscoileanna)

Tá ról criticiúil ag an gComhordaitheoir TBSP maidir le tacú le forbairt, feidhmiú, meastóireacht agus athbhreithniú ar Phlean Gníomhaíochta na scoile um Fheabhsúchán, ach go háirithe i gcothú rannpháirtíocht na dtuismitheoirí. Ba cheart don Chomhordaitheoir TBSP chomh maith plean bliantúil a chur le chéile a léiríonn réimsí tosaíochta na scoile faoi DEIS, agus oibriú i gcomhar le foireann na scoile agus tuismitheoirí chun na spriocanna atá leagtha amach sa Phlean DEIS um Fheabhsúchán a bhaint amach. Ba cheart athbhreithniú a dhéanamh ar dhul chun cinn maidir le cur i bhfeidhm na bPleananna Gníomhaíochta seo go rialta, agus iad a athrú i bhfianaise na taithí seo. Tá meastóireachtaí ar Phleanáil Gníomhaíochta um Fheabhsúchán i mBunscoileanna agus Iarbhunscoileanna DEIS (An Chigireacht, ROS 2015) ar fáil ó [www.education.ie](http://www.education.ie)

### **3.5 An Deontas Bliantúil TBSP a Bhainistiú**

Tá 10% de bhuiséad DEIS na scoile, ar a laghad, le leithdháileadh ar ghníomhaíochtaí TBSP. Tá scoileanna freagrach d'Aonad um Ionchúisíú Sóisialta na ROS as an gcaiteachas seo. Ní mór an caiteachas ar fad a thaifeadh ar an bhfoirm chaighdeánaithe chaiteachais agus í a sheoladh ar ais chuig an ROS ag deireadh na bliana acadúla (féach aguisín). Ba cheart don Chomhordaitheoir TBSP fáltais le haghaidh gach earra a cheannaítear a choinneáil ar mhaithe le gníomhaireachtaí TBSP, mar féadfar go mbeidh siad ag teastáil i gcás iniúchta. Tá treoir ROS san áireamh san aguisín. Tá comhordaitheoirí TBSP i dteideal costais taistil agus cothabhála a fháil, de réir rialacháin na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóiriú. Tá na rátaí ar fáil san aguisín chomh maith.



## 4. Cad iad na tacaíochtaí atá ar fáil do Chomhordaitheoirí TBSP?

### 4.1 Forbairt Ghairmiúil Leanúnach

Cuirtear oiliúint ar fáil do gach comhordaitheoir TBSP nuair a thosaíonn siad sa phost, ar aon dul le riachtanais na scéime TBSP agus SLO Tusla, ionas go mbeidh tú ullmhaithe i gceart chun tabhairt faoi do chúraimí agus freagrachtaí ar bhealach éifeachtach, muiníneach agus éifeachtúil. Ar an gcéad dul síos, éilítear ar gach comhordaitheoir TBSP freastal ar gach imeacht FGL a chuireann Tusla ar fáil agus iad ina bpost TBSP. Áirítear leis seo gach lá oiliúna ionductúcháin, a bhíonn ar siúl de ghnáth i nDeireadh Fómhair agus Márta den chéad bhliain ina bhfuil tú sa phost. Eagraítear agus reáchtáiltear an oiliúint seo ag an bhFoireann Seirbhísí Comhtháite SLO den tSeirbhís Leasa Oideachais Tusla, le tacaíocht ó chleachtóirí TBSP a bhfuil taithí acu, agus baintear leas as dea-chleachtas agus modheolaíochtaí fianaisebhunaithe. Ba cheart cead a fháil ó Phríomhoide na Scoile/bainistíocht na scoile sula gcláraíonn tú ar oiliúint ionductúcháin TBSP. Éilítear ar chomhordaitheoirí TBSP chomh maith, le cead ó bhainistíocht na scoile, freastal ar aon oiliúint chomhtháite, a chuireann Tusla ar fáil, don trí snáithe den tSeirbhís Leasa Oideachais.

Meabhraítear do scoileanna go gcuireann Tusla agus soláthraithe eile cúrsaí oiliúna saor in aisce ar fáil, ar bhonn réigiúnach, do ghairmithe a oibríonn le leanaí agus teaghlaigh. Sula gcláraíonn comhordaitheoirí TBSP ar chúrsaí den chineál sin, ba cheart dóibh an t-ábhar, an ábharthacht agus an t-achar a phlé le Príomhoide na scoile agus an Bainisteoir Seirbhísí Comhtháite SLO cuí. Ar an mbealach sin, socrófar cibé acu an úsáid chuí ama a bheadh san oiliúint agus an gcuirfidh an oiliúint leis an ról.

Má tá costas ag baint le cúrsa oiliúna, d'fhéadfaí go rachadh an comhordaitheoir TBSP agus/ nó Príomhoide scoile i gcomhairle leis an mBainisteoir Seirbhísí Comhtháite SLO cuí chun ábhar, luach agus ábharthacht an chúrsa don ról TBSP a mheasúnú, agus cibé acu an úsáid chuí ama agus acmhainní é an cúrsa. Ba cheart don chomhordaitheoir iarratas foirmeálta a chur isteach tríd an bhfoirm iarratais ar FGL do chomhordaitheoirí TBSP (féach an t-aguisín).

Má shíleann comhordaitheoir TBSP go bhfuil oiliúint bhreise ag teastáil uaidh/uaithi ba cheart dó/di dul i dteagmháil leis an mBainisteoir cuí, SLO Tusla agus an Príomhoide, daoine a phléifidh na riachtanais oiliúna a thuilleadh. Ba cheart gach iarratas ar oiliúint bhreise agus maoiniú le haghaidh oiliúint bhreise a chur isteach i scríbhinn chuig an bPríomhoide lena cheadú ag bord bainistíochta na scoile. D'fhéadfaí go mbeadh an Príomhoide ag iarraidh dul i dteagmháil leis an bhFoireann Bhainistíochta Seirbhísí Comhtháite, SLO Tusla, chun tuilleadh plé a dhéanamh ar cibé acu an bhfuil an oiliúint atá beartaithe laistigh de chúram TBSP agus an luach ar airgead í. Más mian le comhordaitheoir TBSP FGL a mhaoiniú le deontas TBSP, ní mór foirm iarratais a líonadh amach (féach an tAguisín).

### 4.2 Cruinnithe Cnuasghrúpa Teaghlaigh/ Áitiúla

Tá cnuasghrúpaí teaghlaigh agus áitiúla tábhachtach don obair a dhéanann tú agus is cuid lárnach de do struchtúr tacaíochta iad. Tugtar cúnaimh idir phearsanta agus phroifisiúnta do chomhordaitheoirí TBSP ag na cnuasghrúpaí. Roinntear agus scaiptear deachleachtas agus forbraítear freagairtí agus pleananna áitiúla chun aghaidh a thabhairt ar mhíbhuntáiste oideachasúil trí na cnuasghrúpaí. De réir na Roinne Oideachais agus Scileanna is bealach iad cnuasghrúpaí do 'chomhordaitheoirí TBSP oibriú ar leibhéal idirscoile, áitiúil agus cnuasghrúpa, agus beidh na cnuasghrúpaí ina bhfoirne ina dtacóidh gach taobh lena chéile agus ina gcomhoibreoidh siad lena chéile tríd a scileanna comhlántacha a úsáid chun an leas is fearr is féidir a bhaint amach' (Ó Fhís go Deachleachtas).

Is foinse iontach tacaíochta, chomhairle, inspioráide agus spreagtha iad cruinnithe cnuasghrúpa. Buailfidh do chnuasghrúpa teaghlaigh le chéile thart ar gach seachtain/coicís, más cuí. Téann siad i dteagmháil maidir leis na teaghlaigh céanna agus féadfar go ndearfaidh sibh comhidirghabhálacha.

Is grúpa níos mó í an Cnuasghrúpa Áitiúil ina nglacann comhordaitheoirí ó cheantar níos leithne páirt, agus buaileann siad le chéile 5-7 n-uaire sa bhliain. Éilíonn SLO Tusla go gcrúinníonn an cnuasghrúpa áitiúil le chéile i rith na bliana acadúla. Cabhraíonn cruinnithe cnuasghrúpa le comhordaitheoirí acmhainní a roinnt, cúrsaí agus ranganna coiteanna do thuismitheoirí a eagrú agus clár aistrithe a ullmhú. Tugann na cruinnithe struchtúr duit ionas go mbeidh tú ar an eolas maidir le tionscnaimh áitiúla inar féidir leat oibriú le comhlachtaí deonacha agus reachtúla. Tacaíonn na cruinnithe le soláthar comhtháite seirbhísí do thuismitheoirí agus daltaí i do cheantar ar leith chomh maith. Cuireann cruinnithe cnuasghrúpa áitiúla tacaíocht phroifisiúnta ar fáil do bhaill na cnuasghrúpa. Tá an tacaíocht seo ríthábhachtach mar is post dúshlánach é jab an chomhordaitheora TBSP uaireanta. Bíonn an fhormaid chéanna ag cruinnithe cnuasghrúpa: déantar cathaoirleach ar an gcruinniú ag Comhordaitheoir TBSP, socraítear clár oibre agus scríobhtar miontuairiscí. Ní mór an cruinniú cnuasghrúpa teaghlaigh agus/ nó áitiúla a chur san áireamh le do phlean seachtainiúil agus ní mór duit freastal orthu.

#### 4.3 Foireann Bhainistíochta SLO Tusla

Tacaíonn Bainisteoirí Sheirbhís Chomhtháite SLO Tusla le agus tugann siad comhairle do chomhordaitheoirí TBSP agus scoileanna maidir le gach gné den scéim TBSP ina gceantar. Freastalaíonn bainisteoirí ar chruinnithe cnuasghrúpa agus tugann siad cuairt ar scoileanna go minic.

<b>Bainisteoir</b>	<b>Ceantar</b>	<b>Ríomhphost</b>	<b>Fón</b>
Maria Tobin	Bainisteoir Náisiúnta Seirbhísí Comhtháite	<a href="mailto:maria.tobin@tusla.ie">maria.tobin@tusla.ie</a>	086-4119336
David Dineen	<b>An tIarthar Láir &amp; Lár na Tíre</b>	<a href="mailto:david.dineen@tusla.ie">david.dineen@tusla.ie</a>	087-6899521
Danielle Flynn	<b>An tIarthar</b>	<a href="mailto:danielle.flynn@tusla.ie">danielle.flynn@tusla.ie</a>	087-9188605
Irene Keogh	<b>Baile Átha Cliath Theas &amp; Laighean Láir</b>	<a href="mailto:irene.keogh@tusla.ie">irene.keogh@tusla.ie</a>	087-0661488
Anne-Marie McGovern	<b>Baile Átha Cliath Thoir Thuaidh</b>	<a href="mailto:annemarie.mcgovern@tusla.ie">annemarie.mcgovern@tusla.ie</a>	087-9581991
Con Moynihan	<b>Theas</b>	<a href="mailto:con.moynihan@tusla.ie">con.moynihan@tusla.ie</a>	087-9085629

#### 4.4 Oifig Riaracháin Náisiúnta TBSP

Réiteoidh an Riarthóir TBSP, atá lonnaithe san oifig náisiúnta d'fhiosrú nó déanfar d'fhiosrú a chur ar aghaidh chuig duine eile. Déanfar cumarsáid ó SLO Tusla agus seirbhísí cuí eile a scaipeadh tríd an oifig TBSP. Ba cheart do scoileanna a chinntiú go bhfuil na sonraí teagmhála is déanaí don Chomhordaitheoir TBSP, Príomhoide agus scoil ag an oifig TBSP.

Pearsa teagmhála: Zita Robinson  
Ionad Oideachais Bhaile Átha Cliath Thiar (Oifig Riaracháin TBSP)  
Sean-Bhóthar Bhaile Coimín  
Tamhlacht

Baile Átha Cliath 24  
Fón: 01-4528002/ 01 4528000

Ríomhphost: [zrobinson@dwec.ie](mailto:zrobinson@dwec.ie)

#### 4.5 Aonad um Chuimsiú Sóisialta

Tá an tAonad um Chuimsiú Sóisialta na Roinne Oideachais agus Scileanna freagrach as riarachán agus leithdháileadh post TBSP agus deontas DEIS ar scoileanna.

An tAonad um Chuimsiú Sóisialta  
An Roinn Oideachais agus Scileanna  
Cor na Madadh  
Baile Átha Luain  
Co. na hIarmhí  
Fón: 090 6483764  
Facs: 090 6483844

Ríomhphost:- [social\\_inclusion@education.gov.ie](mailto:social_inclusion@education.gov.ie)

#### 4.6 Foilseacháin Úsáideacha

##### *ROS/ Cigireacht*

- DEIS (2017), *Plean DEIS 2017*, An Roinn Oideachais agus Scileanna; [www.education.ie](http://www.education.ie)
- Cigireacht ROS (2015), *Looking at Action Planning in DEIS Primary Schools*, An Roinn Oideachais agus Scileanna, [www.education.ie](http://www.education.ie)
- Cigireacht ROS (2015), *Looking at Action Planning in DEIS Post-Primary Schools*, An Roinn Oideachais agus Scileanna, [www.education.ie](http://www.education.ie)
- Cigireacht ROS (2011), *An Evaluation of Planning Processes in DEIS Primary Schools*, An Roinn Oideachais agus Scileanna, [www.education.ie](http://www.education.ie)
- Cigireacht ROS (2011), *An Evaluation of Planning Processes in DEIS Primary Schools*, An Roinn Oideachais agus Scileanna, [www.education.ie](http://www.education.ie)
- ROS (2011), *Literacy and Numeracy For Learning and Life – The National Strategy to improve Literacy and Numeracy among Children and Young People 2011-2020*, An Roinn Oideachais agus Scileanna, [www.education.ie](http://www.education.ie)
- An Roinn Oideachais agus Eolaíochta (2005), *DEIS (Delivering Equality of Opportunity in School)*, [www.education.ie](http://www.education.ie)
- Archer, P. & Weir, S. (2011), *A Report on the First Phase of the Evaluation of DEIS*, An Foras Taighde ar Oideachas, [www.erc.ie](http://www.erc.ie)
- Archer, P. & Shortt, F. (2003), *Review of the Home-School-Community Liaison Scheme - Report to the Department of Education and Science*, An Foras Taighde ar Oideachas, [www.erc.ie](http://www.erc.ie)
- ERC (1994), *The Home-School-Community Liaison Scheme - Final Evaluation Report*, An Foras Taighde ar Oideachas, [www.erc.ie](http://www.erc.ie)

##### *An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige/ Tusla*

- Seirbhísí Leasa Oideachais Tusla (2015). *An Ráiteas Straitéise faoi Fhreastal Scoile a Fhorbairt: Treoirínte i gcomhair Scoileanna*. [www.tusla.ie](http://www.tusla.ie)
- RLGÓ (2014), *Torthaí Níos Fearr, Tadhchaí Níos Gile: Creatlach an pholasaí náisiúnta do leanaí & do dhaoine óga*, Oifig an tSoláthair, [www.dcy.gov.ie](http://www.dcy.gov.ie)
- Tusla (2013). *Meitheal: Samhail Chleachtais Náisiúnta do gach Gníomhaireacht a oibríonn le Leanaí, Daoine Óga agus lena dTeaghlaigh*. [www.tusla.ie](http://www.tusla.ie)

##### *TBSP - Ginearálta*

- Conaty, C. (2002), *Including All – Home, School and Community United In Education*, Veritas Publications
- Comhordaitheoirí TBSP (2005), *The Home School Community Liaison Scheme in Ireland – From Vision to Best Practice*, [www.education.ie](http://www.education.ie)



### *Aistriú ó scoil go scoil*

- TBSP, Comhordaitheoirí Chathair agus Contae Luimnigh (2017). My Child My Vision: HSCL Parent Transfer Programme, [www.tusla.ie](http://www.tusla.ie)
- O’Kane, M. & Hayes, N. (2006). The transition to school in Ireland: Views of preschool and primary school teachers. *International Journal of Transitions in Childhood*, 2, pp.4-16.
- Smyth, E. (2018). The transition to primary education: Insights from Growing Up in Ireland study. *An Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta & an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta*. <https://doi.org/10.26504/bkmnext360>
- Stephen, C. & Cope, P. (2003). An inclusive perspective on transition to primary school. *European Educational Research Journal*, 2 (2), pp. 262-276.

### *Easpa dídine*

- Scanlon, G. & McKenna, G. (2018). Home Works: A study on the educational needs of children experiencing homelessness and living in emergency accommodation. *Children’s Rights Alliance*.
- Tusla. *Guidance for Home School Community Liaison Coordinators and School Completion Programmes: Engaging with children and families experiencing homelessness*. [www.Tusla.ie](http://www.Tusla.ie)

# Aguisín

## Deontais TBSP do Scoileanna

Tá an deontas TBSP, a leithdháiltear d'fhorfheidhmiú na ngníomhaíochtaí atá ag teacht le prionsabail agus cleachtais na scéime TBSP, curtha san áireamh laistigh den deontas bliantúil foriomlán, a eisítear chuig na scoileanna uile atá páirteach in DEIS.

Dáiltear an chuid sin de dheontas bliantúil DEIS a bhaineann le Teagmháil Baile, Scoile agus an Phobail (TBSP) le tacaíochtaí spriocdhíritha a sholáthar, trí chomhoibriú agus comhpháirtíocht a fhorbairt idir tuismitheoirí agus múinteoirí páistí atá i mbaol míbhuntáistí oideachasúla agus a bhfuil an baol ann go bhfágfaidh siad an scoil go luath.

Ní mór **10%** ar a laghad de Dheontas bliantúil DEIS a thugtar do gach scoil a chur ar fáil don Chomhordaitheoir TBSP le caitheamh ar ghníomhaíochtaí TBSP. Mura leor 10% de Dheontas DEIS, is faoin scoil féin atá sé a shocrú cén sciar oiriúnach de Dheontas DEIS ba chóir a chur ar fáil le seirbhís TBSP a reáchtáil.

**Ar na príomhchuspóirí a bhaineann le TBSP tá cúrsaí agus gníomhaíochtaí le ról an tuismitheora mar an bpríomhoideachasóir a fhorbairt.** Ina measc na gcúrsaí agus na ngníomhaíochtaí sin tá gníomhaíochtaí fóillíochta, forbairt phearsanta agus scileanna tuismitheoireachta, breisoideachas, agus tacaíocht d'fhoghlaim na bpáistí.

Ba cheart go mbeadh socruithe foirmeálta i bPleananna Gníomhaíochta um Fheabhsúchán na scoile chun tacú leis an aistriú ó chúram agus oideachas na luath-óige go bunscoil, ó bhunscoil go hiarbhunscoil agus ó iarbhunscoil go breisoideachas agus ardoideachas, ionas go n-éireoidh go maith leis an aistriú. Beidh ról tábhachtach ag TBSP maidir le príomhfhigiúirí eile a spreagadh le páirt a ghlacadh chun tacú le haistrithe agus chun a chinntiú go dtacaítear go hiomlán le daltaí atá faoi mhíbhuntáiste.

Ba cheart do scoileanna naisc a bhunú le scoileanna eile agus páirt a ghlacadh i struchtúir na gCoistí Forbartha Pobail Áitiúil agus Coistí um Sheirbhísí do Leanaí agus do Dhaoine Óga chun cur le struchtúir agus saineolas atá ann cheana féin, dúbláil soláthair a sheachaint agus ceangail a dhéanamh chun tacú le daltaí agus tuismitheoirí páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí pobail.

Caithfidh scoileanna smaoineamh ar luach ar airgead a fháil agus trealamh suntasach, amhail ríomhairí glúine agus/nó printéirí, á gceannach acu. Agus aird á tabhairt air sin, ní féidir an 10% den Deontas DEIS a chaitheamh ach ar ghníomhaíochtaí / acmhainní a bhaineann go díreach le **rannpháirtíocht tuismitheoirí**, mar atá leagtha amach i bPlean Gníomhaíochta um Fheabhsúchán na scoile agus an plean bliantúil TBSP.

Ní mór monatóireacht a dhéanamh ar chaiteachas TBSP agus é a stiúradh go cuí agus go comhréireach; ba chóir an caiteachas a úsáid chun na torthaí atá luaite i bPlean Gníomhaíochta na scoile a bhaint amach, agus ba cheart na torthaí a athbhreithniú ar bhonn rialta.

Is féidir an Deontas TBSP a úsáid le haghaidh na gcuspoirí seo a leanas chomh maith:-

- Chun seomra tuismitheoirí a bhunú agus a chothabháil; tá caiteachas caipitiúil as an áireamh

- Chun tacú le leasú an churaclaim agus modheolaíochtaí teagaisc le freastal ar riachtanais spriocdhírithé na bpáistí
- Le hacmhainní oiriúnacha/faofa a cheannach faoi choinne gníomhaíochtaí TBSP, de réir Phlean Gníomhaíochta na scoile um Fheabhsúchán
- Le speansais oiriúnacha taistil a íoc leis an gComhordaitheoir, speansais a bhaineann leis na dualgais chúí a chomhlíonadh (cuairteanna baile, freastal ar chruinnithe cnuasaigh, Forbairt Ghairmiúil Leanúnach (FGL)). Tá FGL náisiúnta do Chomhordaitheoirí maoinithe go lárnach ag na Seirbhísí Leasa Oideachais, ag Tusla, agus ag an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige (RLGÓ). Clúdaíonn scoileanna cuid de na costais FGL trí speansais taistil a íoc ó dheontas DEIS na scoile (*féach Ciorclán 05/2017 na Roinne Airgeadais maidir leis na rátaí cuí*). Ní cheadaítear éilimh a bhaineann le bia.

Má tá tuilleadh treorach de dhíth maidir le caiteachas TBSP, ba chóir dul i gcomhairle leis an mBainisteoir Seirbhísí Comhtháite cuí i Tusla.

De réir Alt 18 den Acht Oideachais, 1998, iarrann an Roinn go leanfaidh scoileanna ar aghaidh de choinneáil taifid de na gníomhaíochtaí ar fad a dhéantar agus, chomh maith leis sin, de na hábhair agus de na hacmhainní uile a cheannaítear leis na deontais; ní áirítear anseo scoileanna na mBord Oideachais agus Oiliúna a mbaineann socruithe eile cuntasaíochta leo. Ba chóir cuntas a choinneáil sa scoil den ioncam agus den chaiteachas agus é a chur ar fáil, más gá, d'oifigigh na Roinne Oideachais agus Scileanna agus/nó d'oifigigh Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

De réir Alt 51 d'Acht na mBord Oideachais agus Oiliúna, 2013, iarrann an Roinn go gcoinneofar cuntais ioncaim agus chaiteachais na mBord Oideachais agus Oiliúna agus go gcuirfear ar fáil iad ó am go chéile d'oifigigh na Roinne Oideachais agus Scileanna.

### **Tacaíocht airgeadais do scoileanna mar rogha ar sheirbhísí phost an Chomhordaitheora TBSP**

Tá na treoirínte caiteachais sa liosta thuas ábhartha freisin do na scoileanna DEIS sin, atá ag fáil tacaíochta airgeadais (deontas bliantúil TBSP) in áit seirbhísí ó Chomhordaitheoir TBSP, i.e. áit nach féidir leis an scoil leas a bhaint as seirbhísí ó Chomhordaitheoir TBSP laistigh de chnuasghrúpa TBSP, mar thoradh ar shuíomh tíreolaíoch na scoile i gcomparáid le scoileanna DEIS eile. Is féidir leis na scoileanna seo úsáid a bhaint as an deontas seo chun múinteoir páirtaimseartha a fhostú/shannadh chun ról an Chomhordaitheora TBSP a ghlacadh. Ní féidir múinteoir atá ann sa scoil cheana féin an ról seo a ghlacadh.

# Aguisín (leathanach as )

## Teimpléid Shamplacha Pleanála agus Tuairiscithe do Chomhordaitheoirí TBSP - Greille Pleanála Sheachtainiúil - Bunscoil

- |   |  |
|---|--|
| 1. Pleanáil, Monatóireacht, Measúnú                                   | 7. Cúrsaí agus Ranganna-Tuismitheoirí  |
| 2. Cuirteanna Baile   | 8. Ceapadh Polasaí   |
| 3. Tuismitheoirí atá Páirteach i Litearthacht/Uimhearthacht/Eolaíocht | 9. Tuismitheoirí a Thraenáil mar Chuirteoirí Baile Oideachasúil/Tuismitheoirí ag tacú le Tuismitheoirí |
| 4. Coiste Oideachais Áitiúil  | 10. Comhtháthú le gníomhaireachtaí eile  |
| 5. Forbairt Foirne  | 11. Cruinnithe cnuasghrúpa   |
| 6. Cruinniú le Príomhoide   | 12. F.G.L.   |

	Dé Luain	Dé Máirt	Dé Céadaoin	Déardaoin	Dé hAoine
09.00-10.00					
10.00-11.00					
11.00-12.30					
12.30-14.30					

Ainm:

Scoil:

## Aguisín (leathanach 2 as 2)

### Teimpléid Shamplacha Pleanála agus Tuairiscithe do Chomhordaitheoirí TBSP - Greille Pleanála Sheachtainiúil - Iarbhunscoil

- |   |  |
|---|--|
| 1. Pleanáil, Monatóireacht, Measúnú                                   | 7. Cúrsaí agus Ranganna-Tuismitheoirí  |
| 2. Cuairteanna Baile  | 8. Ceapadh Polasaí   |
| 3. Tuismitheoirí atá Páirteach i Litearthacht/Uimhearthacht/Eolaíocht | 9. Tuismitheoirí mar Chuairoteoirí Baile Oideachasúil/Tuismitheoirí ag tacú le Tuismitheoirí |
| 4. Coiste Oideachais Áitiúil  | 10. Comhtháthú le gníomhaireachtaí eile  |
| 5. Forbairt Foirne  | 11. Cruinnithe cnuasghrúpa   |
| 6. Cruinniú le Príomhoide   | 12. F.G.L.   |

	Dé Luain	Dé Máirt	Dé Céadaoin	Déardaoin	Dé hAoine
09.00-10.00					
10.00-11.00					
11.00-12.30					
13.30-14.30					
14.30-15.30					

Ainm:

Scoil:

## Aguisín (leathanach 3 as 3)

**SCÉIM TEAGMHÁLA BAILE SCOILE POBAIL**  
**Teimpléad Samplach do Phleanáil agus Tuairisciú do Chomhordaitheoirí TBSP**  
**BILEOG TAIFID MHÍOSÚIL**

<b>Réimse Oibre</b>	<b>Gníomhartha atá ar siúl/ curtha i gcrích</b>
<b>Tuismitheoirí</b>	
<b>Príomhoide agus Foireann</b>	
<b>Litearthacht/ Uimhearthacht/ Eolaíocht</b>	
<b>Comhtháthú/ Pobail</b>	
<b>Cnuasghrúpa Áitiúil/ Teaghlaigh</b>	
<b>Aistriú ó scoil go scoil</b>	





An Ghníomhaireacht um  
Leanaí agus an Teaghlach  
Child and Family Agency

**Foirm Iarratais**  
**Forbairt Ghairmiúil Leanúnach do**  
**Chomhordaitheoirí Teagmhála Baile Scoile Pobail**  
**(TBSP)**

**PÁIRT I - Le comhlíonadh ag Comhordaitheoir TBSP**

<b>Ainm:</b>	
<b>Cáilíochtaí Reatha</b>	
<b>Ábhair a rinneadh roimhe seo agus na leibhéil ag a ndearnadh iad</b>	
<b>Sannachán TBSP</b>	ó go
<b>Teideal an Chúrsa:</b>	
<b>Teideal an tSoláthraí Cúrsa:</b>	
<b>Sonraí achoimre faoin gcúrsa oiliúna:</b>	
<b>Teastas atá ar fáil nuair a chuirtear an cúrsa oiliúna i gcrích, má tá aon cheann:</b>	
<b>Fad an chúrsa oiliúna:</b>	
<b>Dátaí an chúrsa oiliúna:</b>	
<b>Táille an chúrsa oiliúna:</b>	
<b>Luaigh an fáth a gceapann tú go bhfuil an cúrsa oiliúna áirithe seo ag teastáil uait i do ról mar Chomhordaitheoir TBSP?</b>	
<b>Mínigh ábharthacht an chúrsa oiliúna seo don Scéim TBSP:</b>	
<b>Sonraí, dátaí san áireamh, faoi aon oiliúint bhreise</b>	



phroifisiúnta a rinneadh le cúig bliana anuas:	
Má iarradh ar fhoinsí eile maoiniúcháin don chúrsa oiliúna seo, cuir na sonraí ar fáil:	

Síniú an Chomhordaitheoirí TBSP: \_\_\_\_\_

Dáta: \_\_\_\_\_ Uimhir Theagmhála: \_\_\_\_\_

*Nuair a fhaightear cead ón mBainisteoir cuí Seirbhísí Comhtháite SLO, ba cheart an t-iarratas comhlánaithe a sheoladh ar aghaidh chuig an bPríomhoide/Bord Bainistíochta na Scoile roimh thús an chúrsa oiliúna agus ba cheart don Phríomhoide agus Comhordaitheoir Teagmhála Baile Scoile Pobail araon cóip a choinneáil.*

**PÁIRT II - CEAD LE FREASTAL AR CHÚRSA OILIÚNA:**

Síniú Phríomhoide na Scoile: \_\_\_\_\_

Dáta Faofa: \_\_\_\_\_